Social Democrats

# Plean Tithíochta don Ghaeltacht

Tá an easpa tithíochta inacmhainne ina bagairt mhór do phobal na Gaeltachta agus don Ghaeilge araon.

Tá sé i gceist ag na Daonlathaithe Sóisialta Plean Tithíochta Cúig Phointe don Ghaeltacht a chur i dtoll a chéile agus seo a leanas a bheidh ann:

## 1. Straitéis náisiúnta tithíochta, pleanála agus forbartha a chruthú do na Gaeltachtaí

- Beartas náisiúnta a fhorbairt, mar bheart práinne, maidir le pleanáil tithíochta agus forbartha i gceantair Ghaeltachta.
- Treoirlínte pleanála don Ghaeltacht a fhorbairt ina dtabharfar aird ar an dualgas reachtúil atá ar na húdaráis áitiúla an Ghaeilge a chaomhnú mar theanga phobail.
- Straitéis Daonra agus Tithíochta Gaeltachta a fhoilsiú i leith gach Limistéar Pleanála Teanga Gaeltachta d'fhonn fás inbhuanaithe na bpobal Gaeltachta a chinntiú.

## 2. Cumhachtaí soiléire tithíochta a thabhairt d'Údarás na Gaeltachta

- Cumhachtaí agus maoiniú a thabhairt don Údarás chun tithe inacmhainne a chur ar fáil go díreach sna Gaeltachtaí.
- Leasú a dhéanamh ar Alt 17 (c) agus (d) d'Acht na Gaeltachta, 2012 chun cur ar fáil seirbhísí riachtanacha a leagan de chúram ar an Údarás i dtaca le soláthar tithíochta thar ceann na n-údarás áitiúil.
- Cead a thabhairt don Údarás talamh a cheannach, agus suíomhanna seirbhísithe a fhorbairt agus a dhíol le cainteoirí Gaeilge.

Social Democrats

## 3. Tithíocht inacmhainne a thógáil i bpobail Ghaeltachta

- Sprioc a shocrú maidir le líon na dtithe inacmhainne atá le cur ar fáil i gceantair Ghaeltachta.
- Tacú le bunú comharchumann tithíochta Gaeilge nua, chun scéimeanna tithíochta inacmhainne nua a thógáil do chainteoirí Gaeilge amháin.
- An Cháin ar Thalamh Criosaithe chun Cónaithe a neartú agus a mhéadú, agus spriocdhátaí 'Úsáid í nó Caill í' a thabhairt isteach i ndáil le talamh atá criosaithe le haghaidh forbairt il-láithreán i gceantair Ghaeltachta.

## 4. Tabhairt faoi áitribh fholmha agus thréigthe sna Gaeltachtaí, agus srian a chur le ligean gearrthéarmach

- Tosaíocht a thabhairt do ligean fadtéarmach ar cíos agus srian a chur le pleanáil le haghaidh ligean gearrthéarmach i gceantair thuaithe Ghaeltachta. Ar an gcaoi sin, cuirfear le líon na dtithe a ligtear ar cíos go fadtéarmach seachas go gearrthéarmach.
- Maoiniú a thabhairt d'údaráis áitiúla chun tithe folmha/tréigthe i gceantair Ghaeltachta a cheannach go héigeantach agus a athchóiriú chun tithe inacmhainne a chur ar fáil.
- An Cháin ar Thithe Folmha a ardú go 10% le nach bhfágfaí áitribh folamh go fadtéarmach.

## 5. Scéimeanna ar leith don Ghaeltacht a thabhairt isteach le háitribh nua a chur ar fáil

- Scéim na nDeontas Tithíochta Gaeltachta faoi Acht na dTithe (Gaeltacht) (Leasú), 2001 a athbhunú (cuireadh deireadh léi in 2009).
- Scéim ar nós 'Réidh le Tógáil' a dhearadh dírithe ar cheantair thuaithe Ghaeltachta.
- An tAcht um Pleanáil agus Forbairt, 2024 a neartú, agus rialacháin chriosaithe nua a úsáid chun a leagan síos nach bhfuil áitribh i gceantair ina labhraítear Gaeilge le húsáid ach mar phríomháit chónaithe amháin.

Social Democrats

# Our Gaeltacht Housing Plan

The lack of affordable housing poses an existential threat to Gaeltacht Communities and the Irish language.

The Social Democrats' Five Point Gaeltacht Housing Plan will:

## 1. Create a national housing, planning and development strategy for the Gaeltachtaí

- Develop, as a matter of urgency, a national policy for the planning of housing and development in Gaeltacht areas.
- Develop Gaeltacht planning guidelines on the statutory duty of local authorities on the preservation of Irish as a community language.
- Publish a Gaeltacht Population and Housing Strategy for each Gaeltacht Language Planning Area to ensure the sustainable growth of Gaeltacht communities.

## 2. Give Údarás na Gaeltachta clear housing functions

- Give An tÚdarás powers and funding to directly deliver affordable homes in the Gaeltachtaí.
- Amend Section 17 (c)&(d) of the Gaeltacht Act 2012 to give An tÚdarás a mandate to deliver services essential to the supply of housing on behalf of the local authorities.
- Allow An tÚdarás to purchase land, and develop and sell serviced sites to Irish speakers.

Social Democrats

## 3. Build Affordable Housing in Gaeltacht areas

- Set a target for affordable purchase home delivery in Gaeltacht communities.
- Support the establishment of new Irish language housing cooperatives, to build affordable purchase housing schemes exclusively for Irish speakers.
- Strengthen and increase the Residential Zoned Land Tax, and introduce 'Use It or Lose It' deadlines for land zoned for multi-site development in Gaeltacht areas.

## 4. Tackle vacancy and dereliction in the Gaeltachtaí, and restrict short-term lets

- Increase the availability of homes to rent by prioritising long-term rentals and restricting planning for short-term lets in Gaeltachtaí.
- Fund local authorities to compulsorily purchase and renovate vacant/derelict houses in Gaeltacht areas to provide affordable homes.
- Penalise long-term vacancy by increasing the Vacant Homes Tax to 10 per cent.

## 5. Implement targeted Gaeltacht-specific schemes to generate new accommodation

- Reinstate the Gaeltacht housing grants scheme, discontinued in 2009, under the Houses (Gaeltacht) Amendment Act 2001.
- Design a 'Ready to Build'-style Scheme focused on rural Gaeltachtaí.
- Strengthen the Planning and Development Act 2024, and use new zoning regulations to designate properties in Irish speaking areas as being for primary residence-use only.